Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Meitheamh 2020**
**(OR. en)**

**7048/15**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2015/0035 (NLE)**

**AVIATION 40**
**NIS 12**
**RELEX 208**
**COEST 95**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE (AE) 2015/…**

**an …**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát,**
**Prótacail lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta**
**idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit**
**agus Poblacht na Moldóive,**
**chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais na Cróite, agus go háirithe don dara fomhír d'Airteagal 6(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2015/... ón gComhairle[1*], síníodh an Prótacal lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive[2], chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh ("an Prótacal"), faoi réir a thabhairt i gcrích.

(2) Ba cheart go ndéanfaí an Prótacal a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

1 Cinneadh ón gComhairle (EU) 2015/… an … maidir le síniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, Prótacail lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh (IO L ...).

* IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus tagairt foilseacháin an chinnidh atá in st 7044/15.

2 Níl téacs an Chomhaontaithe seo ann sa Ghaeilge

*Airteagal 1*

An Prótacal lena leasaítear an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus Poblacht na Moldóive, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh[1*], formheastar é leis seo thar ceann an Aontais agus a Bhallstáit.

*Airteagal 2*

Déantar Uachtarán na Comhairle a údarú leis seo chun an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh de chumhacht aige nó aici nó acu, thar ceann an Aontais agus a chuid Ballstát, an ionstraim formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 3 den Phrótacal a thaisceadh.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

**1** Níl téacs an Phrotacail ann sa Ghaeilge

***** IO: cuir isteach, le do thoil, tagairt foilseacháin an Phrótacail atá in st 7047/15.